

Gaelscoil Eiscir Riada

Bóthar an Ghrifín,
Leamhcán,
Co. B.Á.C.
K78 YX77



Polasaí Frithbhulaíochta Anti-Bullying Policy

1. INTREOIR

I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Eiscir Riada mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

In accordance with the requirements of the Education (Welfare) Act 2000 and the code of behaviour guidelines issued by the NEWB, the Board of Management of Gaelscoil Eiscir Riada have adopted the following anti-bullying policy within the framework of the school's overall code of behaviour. This policy fully complies with the requirements of the *Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools* which were published in September 2013.

Athbhreithniú déanta: Meán Fómhair 2023

2. Ag cur cosc ar agus ag déileáil le bulaíocht

Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá bulaíocht agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir, cloí leis na príomhphrionsabail deachleachtais seo a leanas chun iompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leis:

Cultúr dearfach a bheidh i réim sa scoil -

- ina nglactar go fonnmar le difríochtaí agus le héagsúlachtaí agus ina léirítear cur chuige ionchuimsitheach;
- ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhaghrach; agus
- ina gcuirtear caidreamh atá bunaithe ar mheas chun cinn ar fud/i measc phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige uilescoile;
- Comhthuiscint maidir le céard is bulaíocht ann agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige;

Cur chun feidhme straitéisí um oideachas agus cosc (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt) -

- a chothaíonn bá, meas agus teacht aniar sna daltaí; agus
- ina ngabhtar i ngleic go soiléir le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear ach go háirithe, bulaíocht homafóbach agus trasfóbach.
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Taifead, scrúdú agus fiosrú seasta a dhéanamh ar Iompar bulaíochta (lena n-áirítear úsáid a bhaint as straitéisí idirghabhála seanbhunaithe); agus
- Measúnú leanúnach ar a éifeachtaí atá an polasaí frithbhulaíochta.

3. Céard is bulaíocht ann?

I gcomhréir le *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* is mar seo a leanas a dhéantar sainmhíniú ar bhulaíocht:

Is éard is bulaíocht ann ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sin i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa ar/in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bulaíochta seo a leanas mar shainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon turas, tabhairt faoi chúlchaint mhailíseach agus cineálacha eile caidrimh bhulaíochta;
- cibearbhulaíocht; agus

- bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht duine bíodh sin, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht a dhéanamh ar dhuine mar gheall gur ball den Lucht Siúil é/í agus bulaíocht ar dhuine atá faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici.

Ní thagann eachtraí aon uaire d’iompar diúltach d’aon ghnó, lena n-áirítear teachtaireacht téacs ionsaitheach nó mailíseach aonuaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile, faoin sainmhíniú ar bhulaíocht agus ba chóir déileáil leo, de réir mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Mar sin féin, i gcomhthéacs an polasaí seo, déanfar teachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí aonuaire atá maslach nó díobhálach a chuirtear ar láithreán líonrú sóisialta nó ar fhóram poiblí eile, inar féidir le daoine eile an teachtaireacht, íomhá nó an ráiteas a fheiceáil agus/nó a roinnt, a mheas mar iompar bulaíochta.

Pléifear le hiompar diúltach nach dtagann faoin sainmhíniú seo ar bhulaíocht de réir chód iompair na scoile.

Tá eolas breise ar chineálacha éagsúla bulaíochta leagtha amach i Mír 2 de na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d’Iarbunscoileanna agus in agusín 1.

4. Is iad seo a leanas na múinteoirí cuí chun déileáil leis an bhulaíocht agus chun an bhulaíocht a fhiosrú:

Is iad na múinteoirí ranga a dhéanfaidh aon fhiosrúchán a theastaíonn a dhéanamh i dtaobh na bulaíochta agus is iad a dhéileálfadís léi. Is féidir le dalta nó le tuismitheoir aon imní faoi bhulaíocht a phlé le múinteoir ar bith sa scoil ach is é/í an mhúinteoir ranga an té a tabharfaidh faoin gcás a fhiosrú.

Tá na nósanna imeachta chun iompar bulaíochta a fhiosrú agus chun déileáil leis leagtha amach i gcuid a 6 den pholasaí seo.

5. Is iad seo a leanas na straitéisí um oideachas agus cosc (lena n-áirítear straitéisí atá dírithe go sonrath ar chibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid ag an scoil:

Cur chuige uilescoile:

Cothaíonn éiteas na scoile atmaisféar cairdiúil, áit a bhfuiltear caoinfhuilangach, measúil ar dhaoine eile chomh maith le cabhrach, cuidiúil. Is sa gcomhthéacs sin go gcinntítear go mbeidh na straitéisí réamhghníomhach a leanas fite fuaite inár scoilbhliain:

- Bíonn an fhoireann ar an airdeall i gcónaí i dtaobh iompair na bpáistí. Aithnítear agus dearbhaítear iompar dearfach ar fud na scoile. Múintear do pháistí cén chuma atá ar iompar

measúil, mar a ghníomhaíonn sé, mar a fhuaimníonn sé agus mar a airíonn sé chun iompar dearfach a chur chun cinn. Féachann an fhoireann, d'aon ghnó, iompar measúil a thabhairt faoi deara agus a aithint. Tugtar luach saothair rialta do pháistí ag leibhéal an ranga as iarrachtaí dearfacha agus bronntar suaitheantais “dalta na seachtaine” ag tionóil na scoile mar aitheantas ar na hiarrachtaí speisialta atá déanta ag na páistí. Tugtar “Am Órga” do pháistí ó rang 1 go 6 tráthnóna Dé hAoine. Coinnítear taifid ar iompar na bpáistí. Tugtar an tacaíocht riachtanach do pháiste nuair a bhíonn deacrachtaí aige nó aici lena (h)iompar. Is é an sprioc atá againn, ar an gcaoi seo, ná tacaíocht leanúnach a thabhairt do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí acu le rialacha a leanúint.

- Cairdis dearfacha a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí “Seachtain Cairdeas” amhail córais chomrádaithe a bhunú, plé a dhéanamh ar céard is brí le cairdeas ann, cén chaoi ar cheart caitheamh le do chairde, ag forbairt agus ag léiriú na príomhtheachtaireachtaí faoi céard is cairdeas dearfach ann. Féach Agusín 2.
- Cuirtear an Clár Bí Sábháilte, Misneach chomh maith le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta agus InGrá Dé i bhfeidhm sa scoil. Múintear an clár “Fí na Folláine” mar chlár 10 seachtaine, ó Rang 2 go Rang 6. Tá roinnt ball foirne oilte sa chlár “Friends for Life”. Éascaítear an clár seo nuair is gá.
- Cuirtear forbairt ghairmiúil ar an mbulaíocht ar fáil den fhoireann ina iomláine lena chinntiú go bhforbróidh gach ball foirne feasacht ar céard is bulaíocht ann, cén chaoi a dtéann sí i bhfeidhm ar shaol na ndaltaí agus an gá bhíonn ann déileáil leis an mbulaíocht idir cosc agus idirghabháil.
- Cuirfear páistí ó na Naíonáin go Rang 2 ar an eolas maidir le céard atá i gceist le bulaíocht chomh maith le céard a bhfuiltear ag súil leis ó phobal na scoile.
- Is cineál iompar do-ghlactha atá sa mbulaíocht agus tugtar aghaidh ar an tuiscint sin sa seomra ranga agus ag tionóil na scoile
- Ardú tuisceana agus oiliúint ar fud na scoile ar gach gné den bhulaíocht, lena n-áirítear daltaí, tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) agus pobal na scoile i gcoitinne.
- Cinnteofar maoirseacht agus monatóireacht leordhóthanach ar sheomraí ranga, pasáistí, talamh na scoile, ar thurais scoile agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Spreagfar baill foirne chúnta agus baill foirne neamhtheagaisc a bheith airdeallach agus fadhbanna a thuairisciú do na múinteoirí ábhartha. Bainfidh an mhaoirseacht le monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta cumarsáide sa scoil ag scoláirí freisin.
- Pléitear polasaí frithbhulaíochta na scoile leis na daltaí agus tugtar cóip de do gach tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) nuair a thosaíonn an paiste ar scoil agus beidh sé ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile i gcónaí freisin; www.gser.ie
- Leagtar amach go mion i bPolasaí na scoile maidir le Leanáí a Chosaint na forálacha chun sábháilteacht na ndaltaí a chur chun cinn agus chun seans bulaíochta a laghdú.
- Leagtar amach go mion i bPolasaí na Scoile maidir le hÚsáid Inghlactha TFC na forálacha chun deireadh a chur leis na féidearthachtaí a bhaineann le bulaíocht agus úsáid á baint as ríomhairí ar shuíomh na scoile i rith an lae scoile.
- Cultúr na hInsint a spreagadh, le béim ar leith orthu siúd a bhí ar an láthair. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag na daltaí as an ‘insint’. Is rud fíor-thábhachtach í an muinín seo. Ba chóir a chur in iúl go soiléir do gach dalta nach mbreathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar a bheadh insint scéalta fánacha ann ach go bhfuiltear a bheith freagrach.

- **Suirbhéanna Frithbhulaíochta Scoile:** Déanfaidh gach rang ó Rang a hAon go Rang a Sé, trí shuirbhé Frithbhulaíochta in aghaidh na bliana, le dátaí leagtha amach ag tús gach scoilbhliana. Tá na suirbhéanna seo le húsáid mar bheart Frithbhulaíochta, agus déanfar na torthaí a fhiosrú agus a thuairisciú de réir cuid 6 thíos. Féach Aguisín 3.

Céard ba chóir duit a dhéanamh má tá bulaíocht á déanamh ort?

Cuir in iúl do do mhúinteoir, do thuismitheoir nó do dhuine fásta eile é má dhéantar bulaíocht ort. Má dhéantar bulaíocht ort lasmuigh den scoil inis do do thuismitheoir nó do chúramóir faoi.

- Abair leat féin go bhfuil an méid atá ag tarlú MÍCHEART agus nach bhfuil sé tuillte agat.
- Bí bródúil asat féin. Is maith an rud é a bheith difriúil ó dhaoine eile.
- Féach gan a thaispeáint go bhfuil tú trína chéile. Bíonn sé sin deacair ach is breá le bulaí é nuair a thugann sé/sí an eagla faoi deara.
- Fan le grúpa cairde/daoine. Dá méad an scata is amhlaidh is lú an baol.
- Bí ceannasach, lig béic “NÍL!” Siúil leat go muiníneach. Téigh chuig múinteoir nó ball foirne, láithreach.
- Is fearr é a insint do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as ar an bpointe. Gheobhaidh tú tacaíocht láithreach. Cuirtear béim ar an INSINT sa scoil.

Glacfar i ndáiríre leis an méid a insíonn tú don mhúinteoir agus tabharfaidh siad aghaidh ar an mbulaíocht ar bhealach a chuirfidh deireadh leis agus nach ndéanfaidh rudaí níos measa duit.

Má tá tú ar an eolas go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine:

- DÉAN RUD ÉIGIN! Muna ndéanann tú ach seasamh siar agus breathnú is cosúil go bhfuil tú ag seasamh leis an mbulaí, cuireann sé seo le míshástacht an íospartaigh agus airíonn siad go bhfuil siad ina n-aonar.
- Inis a bhfuil ag tarlú do dhuine fásta LÁITHREACH má bhraitheann tú nach dteastaíonn uait a bheith sáite sa scéal. Tá bealaí ag an múinteoir lena chinntiú nach rachaidh aon chuid den mhilleán ortsa agus go ndéileálfar leis an mbulaí.
- Ná bí agus ná lig ort go bhfuil tú mór leis an mbulaí.

Mar thuismitheoir:

- Bí ag faire amach d’iompar neamhghnách, mar shampla, b’fhéidir nach bhfuil na leanaí ag iarraidh dul ar scoil, go bhfuil siad i gcónaí tinn nó nach bhfuil siad chomh díograiseach céanna i leith na gcuid oibre.
- Bí gníomhach i gcónaí in oideachais do linbh. Fiafraigh di/dó cén chaoi an ndeachaigh an lá scoil, cé leis a chaith siad a gcuid ama, cén chaoi ar chaith siad am lóin srl.

- Cuir in iúl don scoil **LÁITHREACH** é má bhraitheann tú go bhféadfadh sé go bhfuil bulaíocht á déanamh ar do mhac nó ar d'iníon. Glacfar go dáiríre le do ghearán agus pléifear leis go cuí ina dhiaidh sin.
- Cuir in iúl do do mhac nó do d'iníon nach bhfuil dada mícheart leis nó léi agus nach bhfuil aon neart aige nó aici air go bhfuil bulaíocht á déanamh orthu.
- Cinntigh go bhfuil do leanbh ar an eolas faoi Pholasaí na Scoil maidir le bulaíocht, agus nach mbeidh aon fhaitíos orthu cúnaimh a iarraidh.

Mar scoil:

- Aon deis a thagann chun cinn a úsáid chun gnéithe den bhulaíocht a phlé agus an bealach cuí le caitheamh lena chéile, i.e. an clár Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte, tionóil seachtainiúla.
- Déileáil go tapa, go ceart agus go cothrom le haon ghearán, ag tarraingt isteach na tuismitheoirí nuair is gá.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasaí na Scoile agus an rath atá air.
- Struchtúr smachta láidir ach cothrom a bheith á leanúint ag foireann na scoile. Ba cheart go mbeadh méid beag rialacha i gceist, iad simplí agus éasca le tuiscint.
- Daltaí a spreagadh chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a réitíonn siad le daoine eile agus le dearcthaí dearfacha a chruthú i leith daoine eile. Lena n-áirítear athbhreithniú ar céard is cairdeas ann.
- Daltaí a spreagadh chun caitheamh go measúil le cách.

Glacfar leis an bhulaíocht mar chion tromchúiseach agus déanfar gach beart chun í a chur faoi chois sa scoil.

6) Is iad seo a leanas nósanna imeachta na scoile chun iompar bulaíochta a scrúdú, a fhiosrú agus a thaifeadadh agus na straitéisí idirghabhála seanbhunaithe a úsáideann an scoil chun déileáil le cásanna bulaíochta:

Is í an príomhaidhm atá le fiosrú agus déileáil le bulaíocht ná ceisteanna a réiteach agus, chomh fada agus is indéanta, caidrimh na bpáirtithe lena mbaineann a athbhunú (seachas an milleán a roinnt eatarthu);

Féachfar a chinntiú go dtuigeann gach duine atá páirteach (lena n-áirítear daltaí, tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) an cur chuige seo ón tús).

Tá sé de chead ag aon duine i bpobal scoile, dalta, ball foirne, tuismitheoir/caomhnóir eachtra d'iompraíocht fhéideartha bulaíochta i leith duine eile a thuairisciú. Déileálfaidh an múinteoir ranga leis an ngearán. Agus é/í ag fiosrú agus ag déileáil le hiompraíocht fhéideartha bulaíochta, feidhmeoidh an múinteoir a b(h)reithiúnas gairmiúil chun a chinneadh ar tharla bulaíocht agus cén chaoi is féidir an cás a réiteach.

Ba cheart do mhúinteoirí:

- Glacadh le cur chuig suaimhneach, neamh-mhothúchánach agus iad ag réiteach fadhbanna.
 - Éisteacht
 - Fanacht socair agus a bheith neamhchlaonta
 - Gan deimhin a dhéanamh dá mbarúil
 - A n-aird a choinneáil ar a bhfuil rompu
 - Caint shearbhach agus cháinteach a sheachaint
- Labhairt ina n-aonar leis na daltaí atá i gceist
- Freagraí a iarraidh ar cheisteanna CÉARD, CÉN ÁIT, CÉN UAIR, CÉ, CÉN FÁTH.
- Bualadh le baill bhuíon ina n-aonar **agus** mar ghrúpa.
- Bualadh le tuismitheoirí na bpáirtithe, lena mbaineann an eachtra, má mheastar gur cuí sin
- Nótaí gearra agus fíorasacha a ghlacadh agus iad a thaifead ar theimpléad “Nótaí Fiosrúcháin Bulaíochta” Aladdin (aguisín 4), ina luafar
 - Dáta
 - Am
 - Áit
 - Ainmneacha iad siúd lena mbaineann
 - Ainmneacha iad siúd a chonaic an eachtra ag tarlú
 - Cineál na heachtra
- An dalta a chur ar a s(h)uaimhneas
 - “Rinne tú an rud ceart”
 - “Níl aon chuid den locht ortsa. Níl dada mícheart leat”
 - “Tá mise anseo chun cabhrú leat”
 - Déanfar beart
- Sábháilteacht na ndaltaí a chinntiú
- An próiseas a mhíniú don dalta agus é/i a choinneáil ar an eolas

Agus freagra á thabhairt tá sé tábhachtach go mbeadh múinteoirí ar an eolas maidir le cineál an iompair bulaíochta. Má tharlaíonn sé go dtugann aon iompar cúis inní don mhúinteoir, le linn an agallaimh, faoi leas linbh ar bith, ba chóir na hábhair inní sin a chur in iúl láithreach don Teagmhálaí Ainmnithe.

Má fhaigheann an múinteoir amach go bhfuil bulaíocht ar siúl:

- Cuirfear an príomhoide agus an leas-phríomhoide ar an eolas
- Iarrfar ar an dalta atá i gceist gealltanais maidir le hiompair an dalta a shíniú, áit a n-aontóidh sé/sí stionadh ón mbulaíocht (féach Aguisín 5a) agus comhaontú a lorg maidir lena n-iompar amach anseo.
- Déanfaidh an múinteoir an cas bulaíochta a thaifeadadh ar Aladdin, ag baint úsáide as an teimpléad “Tuairisc Bulaíochta” (Féach Aguisín 6)
- Déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí agus míneofar an cas dóibh
- Cuirfear pionós ar an bpáiste de réir mar atá leagtha amach i gCód Iompair na Scoile (más cuí)
- Féachfar leithscéal a fháil

- Déanfar dáta athbhreithnithe a aontú leis na daltaí lena mbaineann an eachtra, áit ina mbeidh an t-athmhuintearas mar phríomhchuspóir (i.e. 4 seachtaine). D'fhéadfaí na daltaí a thabhairt le chéile tar éis an tréimhse thuasluaite, má bhíonn an dalta a ndearnadh bulaíocht air/uirthi réidh agus sásta sin a dhéanamh. Tá sé tugtha le fios i dtaighde go bhféadfadh éifeacht theiripeach dhearfach a bheith aige seo agus go laghdaíonn sé go mór an baol go dtarlódh a leithéid arís.
- Labhrófar leis na tuismitheoirí tar éis an athbhreithnithe

I gcásanna ina sáraíonn an dalta an gealltanais iompair:

- Iarrtar ar thuismitheoirí bualadh leis an múinteoir ranga chun an scéal a phlé.
- Iarrtar ar an dalta an dara gealltanais iompair a shíniú (féach Aguisín 5b).
- Iarrtar ar thuismitheoirí an dara gealltanais iompair a shíniú freisin.
- Gearrtar pionós ar an bpáiste de réir mar atá leagtha amach i gCód Iompair na Scoile, (más cuí).
- Beidh leithscéal le tabhairt in athuair.
- Déanfar dáta athbhreithnithe a aontú leis na daltaí agus na tuismitheoirí lena mbaineann an eachtra, áit ina mbeidh an t-athmhuintearas mar phríomhchuspóir (i.e. 4 seachtaine).
- D'fhéadfaí na daltaí a thabhairt le chéile tar éis an tréimhse thuasluaite, má bhíonn an dalta a ndearnadh bulaíocht air/uirthi réidh agus sásta sin a dhéanamh. Tá sé tugtha le fios i dtaighde go bhféadfadh éifeacht theiripeach dhearfach a bheith aige seo agus go laghdaíonn sé go mór an baol go dtarlódh a leithéid arís.
- Labhrófar leis na tuismitheoirí tar éis an athbhreithnithe

I gcás bulaíocht leanúnach, tabharfar an cás chomh fada leis an Leas-Príomhoide agus an Príomhoide. Cuirfear straitéis idirghabhála cuí i bhfeidhm idir na páirtithe uile. Ag an tráth seo, d'fhéadfaí fionraí/fionraí inmheánach a ghearradh mar phionós.

Munar féidir réiteach a fháil ar chúrsaí agus má leantar den bhulaíocht d'ainneoin na n-idirghabhálacha ar fad, i bhfianaise a thromchúise is a bhíonn tionchar na bulaíochta ar an dalta/na daltaí a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi, déanfar an dalta atá i mbun na bulaíochta a dhíbirt de réir Chód Iompair na Scoile.

Ní mór don mhúinteoir ranga an teimpléad taifeadta atá le fáil in Aguisín 7 a úsáid chun an iompar bulaíochta a thaifeadadh i gcásanna ina measann sé/sí nár tugadh aghaidh go cuí ar an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoile tar éis dó/di a chinneadh gur tharla an iompar bulaíochta. Ní mór an teimpléad seo a chur ar ais chuig an bPríomhoide i ndiaidh a chríochnaithe.

Sa gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta de réir na nósanna imeachta seo, cuirfear na tuismitheoirí ar aghaidh, nuair is cuí, chuig nósanna imeachta gearán na scoile.

Sa gcás go bhfuil nósanna imeachta gearán na scoile ídithe ag tuismitheoir agus nach bhfuil siad go fóill sásta, cuirfidh an scoil in iúl do na tuismitheoirí go bhfuil sé de cheart acu gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí.

Ag gach céim den phróiseas, tá sé tábhachtach go mbeidh tuismitheoirí agus daltaí toilteanach cúnaimh a thabhairt le haon fhiosrúchán agus go gcuideoidh siad leis an scoil maidir le haon cheisteanna a bheadh le réiteach chomh maith le caidreamh na bpáirtithe a thabhairt ar ais chomh fada agus is féidir. Cuirfear aon easpa comhoibrithe faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.

7) Seo a leanas clár tacaíochta na scoile maidir le hoibriú le daltaí a ndeachaigh an bhulaíocht i bhfeidhm orthu

Tá clár tacaíochta do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu i bhfeidhm i nGaelscoil Eiscir Riada. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ag teastáil ó dhaltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a bhfuil sé mar sprioc leo a bhféinmhúinín a ardú, chun a scileanna cairdis agus a scileanna sóisialta a fhorbairt agus ar an gcaoi sin teacht aniar a chothú iontu nuair is gá.

Baintear úsáid as cleachtais athchóiritheacha, idirghabháil agus athmhuintearas nuair is cuí. Coinnítear cumarsáid oscailte idir an scoil, na tuismitheoirí agus na gníomhaireachtaí seachtracha agus oibrímid le chéile chun an cás a réiteach agus an t-íospartach a chosaint.

- Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun féinmhúinín a spreagadh.
- Comhráití rialta leis an múinteoir ranga/ Leas-Príomhoide/Príomhoide maidir le dul chun cinn an dalta.
- Acmhainní úsáideacha a chur ar aghaidh trí na cláir OSPS agus OCG.
- Athbhreithniú agus measúnú ar an gcaoi a n-oibríonn an polasaí Frithbhulaíochta.
- Iompar measúil a thaispeáint do gach ball de phobal na scoile i gcónaí.
- Múin go soiléir do dhaltaí céard a bhreathnaíonn iompar measúil cosúil leis chomh maith le mar a fhuaimníonn sé.
- Na príomhtheachtaireachtaí a léiriú sna seomraí ranga agus in áiteanna poiblí.
- Aitheantas a thabhairt d'iompar measúil.
- Dul i ngleic, i gcónaí, le húsáid teanga idirdhealaitheach agus teanga dhímheasúil.
- Múin go soiléir do dhaltaí faoi úsáid chuí na meán sóisialta.
- Ceart gach ball de phobal na scoile a bheith sábháilte agus slán sa scoil a chur chun cinn go gníomhach.
- Cinnte go bhfuil dóthain maoirseachta ar an gclós/lasmuigh.

Bíonn cúnaimh leanúnach ag teastáil ó dhaltaí a mbíonn baint acu le hiompar bulaíochta agus a ndearnadh bulaíocht orthu. Forbrófar deiseanna, dóibh siúd nach bhfuil mórán féinmheas acu orthu féin, chun fhéinfhiúntais, féinmhúiníne agus féinchreidimh a neartú.

8) Maoirseacht agus Monatóireacht a dhéanamh ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil na beartais agus na cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun cosc a chur ar iompar bulaíochta, chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú nuair is féidir.

9) Cosc ar Chiapadh

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a cuid dualgas faoin reachtaíocht comhionannais, gach beart atá indéanta le réasún chun ciapadh gnéasach daltaí nó foirne nó ciapadh daltaí nó foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear i.e. inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, duine faoi mhíchumas, cine agus baill den Lucht Siúil.

10) Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí athbhreithnithe seo ar an _____

11) Tá fáil ag pearsanra na scoile ar an bpolasaí seo, tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile www.gser.ie, agus cuireadh cóip ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den pholasaí ar fáil don Roinn agus don phátrún, má iarrtar sin.

12) Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo agus ar a chur chun feidhme geábh amháin in aghaidh na scoilbhliana. Cuirfear fógra scríofa ar shuíomh gréasáin na scoile go bhfuil an t-athbhreithniú críochnaithe ar fáil do phearsanra na scoile agus foilseofar ar an suíomh é agus cuirfear ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí é. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh ar fáil, má iarrtar sin, don phátrún agus don Roinn.

Daingnithe ag an mBord Bainistíochta: _____ (Dáta)

Sínithe: _____ (Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Sínithe: _____ (Príomhoide)

Dáta an chéad athbhreithniú eile: Meán Fómhair 2024

2. Preventing and Tackling Bullying

The Board of Management recognises the very serious nature of bullying and the negative impact that it can have on the lives of pupils and is therefore fully committed to the following key principles of best practice in preventing and tackling bullying behaviour:

A positive school culture and climate which-

- is welcoming of difference and diversity and is based on inclusivity;
- encourages pupils to disclose and discuss incidents of bullying behaviour in a non-threatening environment; and
- promotes respectful relationships across the school community;
- Effective leadership;
- A school-wide approach;
- A shared understanding of what bullying is and its impact;

Implementation of education and prevention strategies (including awareness raising measures) that-

- build empathy, respect and resilience in pupils; and
- explicitly address the issues of cyber-bullying and identity-based bullying including in particular, homophobic and transphobic bullying.
- Effective supervision and monitoring of pupils;
- Supports for staff;
- Consistent recording, investigation and follow up of bullying behaviour (including use of established intervention strategies); and
- On-going evaluation of the effectiveness of the anti-bullying policy.

3. What Is and What Is Not Bullying

In accordance with the *Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools* bullying is defined as follows:

Bullying is unwanted negative behaviour, verbal, psychological or physical conducted by an individual or group against another person (or persons) and which is repeated over time.

The following types of bullying behaviour are included in the definition of bullying:

- deliberate exclusion, malicious gossip and other forms of relational bullying,
- cyber-bullying and
- identity-based bullying such as homophobic bullying, racist bullying, bullying based on a

person's membership of the Traveller community and bullying of those with disabilities or special educational needs.

Isolated or once-off incidents of intentional negative behaviour, including a once-off offensive or hurtful text message or other private messaging, do not fall within the definition of bullying and should be dealt with, as appropriate, in accordance with the school's code of behaviour.

However, in the context of this policy, placing a once-off offensive or hurtful public message, image or statement on a social network site or other public forum where that message, image or statement can be viewed and/or repeated by other people will be regarded as bullying behaviour.

Negative behaviour that does not meet this definition of bullying will be dealt with in accordance with the school's code of behaviour.

Additional information on different types of bullying is set out in Section 2 of the Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools, and in aguisín 1.

4. The relevant teacher(s) for investigating and dealing with bullying are as follows:

The class teacher will have responsibility for investigating and dealing with incidents of potential bullying behaviour. A pupil or parent may bring a bullying concern to any teacher however the class teacher is responsible for investigating the bullying concern.

The procedures for investigating and dealing with bullying behaviour are set out in section 6 of this policy.

5. The education and prevention strategies (including strategies specifically aimed at cyber-bullying and identity-based bullying including in particular, homophobic and transphobic bullying) that will be used by the school are as follows:

School-wide approach:

Our school ethos promotes an atmosphere of friendship, tolerance, respect and co-operation. It is within this context that the following pro-active strategies are incorporated into our school year:

- Staff are constantly vigilant of children's behaviour. Positive behaviour is modelled recognised and affirmed throughout the school. Children are explicitly taught what respectful behaviour looks like, acts like, sounds like and feels like in promotion of positive behaviour. Deliberate efforts are made by the staff to notice and acknowledge desired respectful behaviour. Children are rewarded regularly at class level for positive efforts and badges for

“dalta na seachtaine” are awarded at assemblies to recognize the special efforts children have made. Children from 1st to 6th classes are rewarded on Friday afternoon with “Golden time”. Records are kept of children’s behaviour. Where a child is having difficulty with his/her behaviour he/she is given the necessary support. In this way, our goal is to follow up and follow through with pupils who struggle to follow the rules.

- Promoting positive friendships through “Seachtain Cairdeas” activities such as establishing buddy systems, examining what friendship means, how friends should treat each other, developing and displaying key messages about positive aspects of friendship. Féach Aguisín 2.
- The school implements the Stay Safe, Walk Tall Programme, Relationships and Sexuality Education and InGrá Dé. “Fí na Folláine” is being taught as a 10 week programme, from Rang 2 – Rang 6. A number of staff are trained in the “Friends for Life” programme. This programme is facilitated when necessary.
- Whole staff professional development on bullying to ensure that all staff develops an awareness of what bullying is, how it impacts on pupils’ lives and the need to respond to it - prevention and intervention.
- Children from Infants-Rang 2 will be made aware of bullying, what it is and most of all what is expected of everybody in our school community.
- Awareness of bullying as a form of unacceptable behaviour is addressed in the classroom, at school assemblies.
- School wide awareness raising and training on all aspects of bullying, to include pupils, parent(s)/guardian(s) and the wider school community.
- We ensure adequate supervision and monitoring of classrooms, corridors, school grounds, school tours and extra- curricular activities. Non-teaching and ancillary staff will be encouraged to be vigilant and report issues to relevant teachers. Supervision will also apply to monitoring student use of communication technology within the school.
- The school’s anti-bullying policy is discussed with pupils and all parent(s)/guardian(s) are given a copy in junior infants and will be always available on the website www.gser.ie
- The school’s Child Protection policy sets out in detail provisions to promote the safety of pupils and reduce the possibilities for bullying.
- The school’s ICT Acceptable Use Policy sets out in detail provisions to obviate the possibilities of bullying using computers on the school premises during the school day.
- Encourage a culture of telling, with particular emphasis on the importance of bystanders. In that way pupils will gain confidence in ‘telling’. This confidence factor is of vital importance. It should be made clear to all pupils that when they report incidents of bullying they are not considered to be telling tales but are behaving responsibly.
- **School Anti-Bullying surveys:** Every class, from 1st to 6th, will complete 3 Anti-Bullying surveys per year, with dates set out at the beginning of each school year. These surveys are to be used as an Anti-Bullying measure, and results will be investigated and reported as per section 6 below. Féach Aguisín 3.

What should you do if you are being bullied?

If you are bullied, tell your teacher, parent or another adult. If you are bullied outside of school, tell your parents or carer.

- Tell yourself that you do not deserve to be bullied, and that it is WRONG
- Be proud of who you are. It is good to be individual.
- Try not to show that you are upset. It is hard but a bully thrives on someone's fear.
- Stay with a group of friends/people. There is safety in numbers.
- Be assertive-shout "NO!" Walk confidently away. Go straight to a teacher or member of staff.
- It is best to tell an adult you trust straight away. You will get immediate support. We are a TELLING school.

Teachers will take you seriously and will deal with bullies in a way which will end the bullying and will not make things worse for you.

If you know someone is being bullied:

- TAKE ACTION! Watching and doing nothing looks as if you are on the side of the bully. It makes the victim feel more unhappy and on their own.
- If you feel you cannot get involved, tell an adult IMMEDIATELY. Teachers have a way of dealing with the bully without getting you into trouble.
- Do not be or pretend to be friends with a bully.

As a parent:

- Look for unusual behaviour in your children, for example, they may suddenly not wish to attend school, feel ill regularly, or not complete work to their normal standard.
